

TIONSCADAL PÍOLÓTACH VAC-PACT
MUIÍN VACSAÍNE –
FEASACHT, CUMARSÁID & MUIÍN
OTHAR AGUS PROFISIÚNACH

Vacsaíniú & Galair Ainsealacha



Maoinithe ag
an Aontas Eorpach



An status quo

- Éiríonn na mílte aosach thart timpeall an domhain tinn ó ghalair ar féidir bac a chur orthu ó vacsaíní gach bliain.
- Tá riosca níos airde ag daoine ar a bhfuil galair ainsealacha agus fhadtéarmacha, go sonrach, aimhrídheanna a fháil ó ghalair atá inchoiscthe le vacsaín.

Tuairiscíonn an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) é seo a leanas:

Cuirtear cosc ar **2-3** milliún bás trí imdhíonadh gach bliain,

rud a chiallaíonn go bhfuil sé ar cheann de na hidirghabhálacha sláinte is éifeachtaí atá ar fáil: an t-ualach ar ghalair ainsealacha chomh maith le galair atá inchoiscthe le vacsaín a laghdú trí iontrálacha neamhriachtanacha ospidéal a sheachaint trí bhainistíocht níos fearr a dhéanamh ar riochtaí ainsealacha.



- **Is meabhrú é paindéim COVID-19 ar an tionchar tromchúiseach a d'fhéadfadh a bheith ag galair thógálacha ar ár saol** agus ar an dóigh a bhfuil vacsaíní criticiúla maidir le ráigeanna a chosc agus a rialú. Tá cur isteach ar vacsaíniú agus seirbhísí cúraim sláinte eile mar thoradh ar iarrachtaí riachtanacha COVID-19 a rialú.

▪ Thuairiscigh “suirbhé cuisle” EDS **cur isteach suntasach leanúnach** agus thuairiscigh thart ar **90% de na tíortha** cur isteach amháin nó níos mó ar **sheirbhísí sláinte riachtanacha** in 2021.

An status quo

...ar leanúint

- Tá daoine níos sine a bhfuil galair ainsealacha orthu i mbaol deacrachtaí ó ghalair thógálacha. Measann an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) an méid seo a leanas:

Tá 30% den daonra

san AE/LEE os cionn 60 bliain d'aois nó tá riocht bunúsach orthu a bhaineann le riosca COVID-19.

- Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil imdhíonadh ina phríomhchuid de chúram sláinte príomhúil agus ba chearta daonna dosháraithe é.
- Thairis sin, tá rochtain chothrom ar vacsaíní sábháilte agus éifeachtacha ríthábhachtach chun deireadh a chur le paindéim COVID-19.

Ní féidir vacsaíní áirithe a mholadh do **dhaoine áirithe a bhfuil córais imdhíonachta lagaithe acu**, agus iad i **mbaol níos airde do na rátaí vacsaínithe atá ag titim** sa daonra.



Labhair le gairmí sláinte, pléigh do chás aonarach agus do riachtanais sláinte, agus déan cinnte go bhfuil do vacsaíní suas chun dáta.


Bunghnéithe an **vacsáin**ithe

- Nuair a dhéanann frídíní nach dteastaíonn, ar nós baictéar nó víreas, ionradh ar an chorp, ag cruthú éagothroime sa chóras sláinte, ionsaíonn siad agus iolraíonn siad. Tugtar **ionfhabhtú** ar an ionradh seo agus is é an rud is cúis le **galar**.
- Úsáideann an **córas imdhíonachta**, arb é córas cosanta nádúrtha an choirp é, roinnt uirlisí chun an t-ionfhabhtú a throid. Clúdaíonn seo fuilchealla dearga, chun ocsaigin a iompar chuig fíocháin agus orgáin, agus fuilchealla bána, dá ngairtear cealla imdhíonachta freisin, chun ionfhabhtú a throid.
- Tá fuilchealla bána déanta go príomha de mhacrafagacha (substaintí eachtracha a phlúchadh), B-limficítí (antashubstaintí a tháirgeadh), agus T-limficítí (cealla cuimhne).

Cad é?
Vacsáiní

Is ullmhóidí bitheolaíocha iad vacsaíní a riartar chun cosaintí nádúrtha an choirp a spreagadh chun **imdhíonacht** oiriúnaitheach chosanta agus réasúnta fhada bhuan (frithsheasmhach) ar ghalar ar leith a fhorbairt.

De ghnáth déantar vacsaíní a riar trí instealltaí snáthaide a úsáid, ach is féidir iad a thabhairt sa bhéal nó a spraeáil isteach sa srón freisin.



Cén fáth? Vacsáiníú

Spreagann vacsaíní cosaintí nádúrtha an choirp chun **antashubstaintí** a chruthú, díreach mar a dhéanann sé nuair a bhíonn sé nochtta do ghalar, ach ina ionad sin nuair a thugtar í i ndáileoga rialaithe cuidíonn sí leis le frithsheasmhacht i gcoinne na n-ionfhabhtuithe ar leith a fhorbairt. Cuireann vacsaíníú cosc orainn éirí tinn trí **fhreagairt imdhíonachta** (cosaint in éadan substaint coimhthíche) a spreagadh go héifeachtach sa chorp gan tinneas a bheith mar thoradh air.

Cén dóigh? Imdhíonadh

Is éard atá i vacsaíníú ná vacsaíní a úsáid chun **imdhíonadh** a tháirgeadh in éadan galair tromchúiseach, seachas galair a chóireáil tar éis dó tarlú. Gan vacsaíní, táimid i mbaol galair agus míchumais atá bagrach don bheatha. Tugtar **imdhíonadh** ar an phróiseas chun bheith imdhíonach ar ghalar (faoi chosaint) trí vacsaíníú.



Coincheap na himdhíonachta tréada

- Cosnaíonn an vacsaíniú iad siúd atá vacsaínithe, na daoine timpeall orthu, agus an pobal iomlán. Nuair a bhíonn **go leor daoine** i ndaonra **imdhíonach** ó ghalair tógálach, ní dócha go scaipfidh an galar ó dhuine go duine. Tugtar **imdhíonacht phobail** air sin (ar a dtugtar **imdhíonacht tréada** freisin).
- Tá seo tairbhiúil go háirithe **d'fhoghrúpaí den daonra nach féidir a vacsaíniú**, nó a bhféadfadh **éifeacht an vacsaínithe a bheith fo-optamach** (m.sh., daoine ag a bhfuil córais imdhíonachta lagaithe mar gheall ar ghalair uath-imdhíonachta, trasphlandú orgán le déanaí, cóireáil ailse, agus/nó ailléirgí).



Gan imdhíonadh ach sláintiúil




Gan imdhíonadh, tinn & tógálach



Imdhíonta agus sláintiúil


Cás 1:

Nuair nach ndéantar aon duine a imdhíonadh, scaipeann an galar go héasca ó dhaoine gabhálacha go daoine soghabhálacha.




Cás 2:

Mura ndéantar ach cúpla duine a imdhíonadh, scaiptear an galar fós, áfach, spáráiltear iad siúd atá imdhíonta.



Cás 3:

Déantar leathadh an ghalair a rialú nuair a dhéantar **imdhíonadh** ar fhormhór na ndaoine. Tá sé deacair galair thógálacha a scaipeadh ar **dhaoine soghabhálacha** nuair a bhaineann an daonra imdhíonacht tréada amach.



Tuairiscíonn an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) go bhféadfadh imdhíonadh a mhéadú ar fud an domhain breis agus

1.5 milliún beatha a shábháil sa bhliain

Ina theannta sin, cuidíonn cláir imdhíonta le hualaí sóisialta, síceolaíocha agus airgeadais an ghalair ar othair agus ar a dteaghligh a laghdú chomh maith leis an bhrú ginearálta ar chúram sláinte, córais cúraim shóisialta, agus rialtais.



Cineál vacsaíní

Tá cineálacha cur chuige difriúla ann maidir le vacsaíní a fhorbairt. Tá seo bunaithe ar **chúis an ionfhabhtaithe** (víreas nó baictéir), **an dóigh a n-ionfhabhtaíonn sé cealla**, **cad a choisfidh an vacsaín**, agus an dóigh **a bhfreagraíonn an córas imdhíonachta** di.

Tá sé riachtanach freisin a choinneáil i gcuimhne gur féidir le cineálacha éagsúla víris a bheith ann ar fud an domhain mar gheall ar shuíomhanna geografacha agus timpeallachtaí athraitheacha. Tá **6 phríomhchineál** vacsaíní ann anois:

Vacsaíní maolaithe (beo)

Tá foirm lagaithe den víreas nó baictéir sna vacsaíní seo. Is é seo an leagan is gaire d'ionfhabhtú nádúrtha. Ar an drochuair, b'fhéidir nach mbeidh gach duine in ann iad seo a fháil. D'fhéadfadh go mbeadh gá le níos mó ná dáileog amháin chun an fhreagairt imdhíonachta is fearr a fhorbairt.

Bruitíneach

Leicneach

An bhruitíneach dhearg

Deilgneach

Fiabhras buí

Vacsaíní neamhghníomhachtaithe (maraithe)

Tá foirm neamhghníomhachtaithe nó maraithe víreas nó baictéar sna vacsaíní seo. Tá siad seo níos sábháilte d'othair imdhíonlagaithe, cé go bhféadfadh dáileoga breise nó teandáileog a bheith ag teastáil uathu.

Póilió

Heipitíteas A

Confadh

Tíofóideach

Instealladh fliú





Vacsáiní fo-aonaid, athchuingreacha, polaisiúicríde, agus comhchuingeacha

Níl iontu seo ach cuid den víreas nó baictéir, ar nós polaisiúicrídí (siúcraí) nó próitéiní. Dá réir sin tá níos lú fo-iarsmaí leo seo.

H. Fliú cineál b

Triuch

Heipitéas B



Vacsáiní tocsóideacha

Scaoileann roinnt baictéar tocsainí (próitéiní nimhiúla) nuair a ionsaíonn siad an corp. Tá tocsainí lagaithe i vacsaíní tocsóideacha (dá ngairtear tocsainí freisin) a chuireann cosc ar ghalair de bharr baictéir a tháirgeann na tocsainí sin.

Diftéire

Teiteanas



Vacsáiní aigéid teachtaire-ribonúicléasaigh (mRNA)

Tá teoracha géiniteacha i bhfoirm mRNA sna vacsaíní seo chun próitéin víreasach a dhéanamh go sealadach, nó fiú cuid den phróitéin, rud a spreagann freagairt imdhíonachta. Ó na vacsaíní COVID-19 atá údaraithe san AE ó Mheán Fómhair 2021, is vacsaíní mRNA iad Comirnaty (Pfizer-BioNTech) agus Spikevax (Moderna).


Tá sé tábhachtach a thabhairt chun suntais nach dtéann vacsaíní mRNA i gcion ar do DNA agus na n-idirghníomhaíonn sé leis agus go bhfaigheann an corp réidh go tapa leis.

COVID-19

Ebola

Cineál vacsaíní ...ar leanúint

Vacsainí veicteora víreasacha



Tá víreas ar a ndearnadh géinmhodhú chun treoracha a áireamh i bhfoirm cód géiniteach sna vacsaíní seo chun próitéin víreasach a dhéanamh go sealadach, nó fiú cuid den phróitéin, rud a spreagann freagairt imdhíonachta. Ó na vacsaíní COVID-19 atá údaraithe san AE ó Mheán Fómhair 2021, is vacsaíní veicteora víreasacha iad Vaxzevria (AstraZeneca) agus Janssen.

Tá sé tábhachtach a thabhairt chun suntais nach dtéann vacsaíní veicteora víris i gcion ar do DNA agus na n-idirghníomhaíonn sé leis agus go bhfaigheann an corp réidh go tapa leis.

COVID-19

Ní mholtar vacsaíní áirithe do dhaoine a bhfuil a gcóras imdhíonachta i mbaol. **Gabh i dteagmháil le do ghairmí sláinte ar bhun cás ar chás.**



Tá sé riachtanach a thabhairt faoi deara, cé go bhféadfadh roinnt othar mion-airíonna a fhorbairt tar éis an vacsaínithe, is gnáthchomharthaí iad seo go bhfuil an corp ag cruthaigh cosanta. Ba chóir go dtiocfadh comharthaí, más ann dóibh, i gceann cúpla lá.




Déanann an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) monatóireacht chúramach ar shábháilteacht gach vacsaíne san AE.

Comhpháirtithe i gcúram

- **Uaireanta, measann daoine an riosca** faoina luach a bhaineann le galar a thógáil, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis leis an chinneadh gan vacsaíniú a fháil. D'fhéadfadh **riosca tromchúiseach** dá sláinte a bheith mar thoradh air seo, **má bhíonn siad ionfhabhtaithe, agus do shláinte daoine eile** tríd an ghalair a scaipeadh. Dá réir sin, ní mór othair eolas níos fearr a bheith ag othair faoi na rioscaí a bhaineann le bheith gan vacsaíniú.
- Tá tionchar tábhachtach ag comhairle gairmithe cúraim sláinte ar dhearcadh i ndáil leis **an vacsaíniú**. Tá sé tábhachtach dul i ngleic leis an éiginnteacht agus le heaspa glactha maidir le vacsaín trí **chomhrá oscailte, le tacaíocht ó fhianaise eolaíochta**. Moltar go láidir do ghairmithe cúraim sláinte dul i dteagmháil le hothair ar a bhfuil galar ainsealach chun a gcuid riachtanas a mheas, a chinntiú go bhfuil othair agus a dteaghlaigh ar an eolas faoi na moltaí náisiúnta agus/nó réigiúnacha is déanaí, agus roghanna vacsaínithe a thairiscint nuair is gá.

CLEACHTAS TRADISIÚNTA

- Faisnéis atharthachta + moltaí
- Cinneadh eolach



CINNTEOIREACHT ROINNTE

1
Iarr ar rann-
pháirtíocht
na n-othar

2
Cuidigh
le hothair
roghanna
cóireála a phlé

3
Déan luachanna
agus roghanna na
n-othar a mheas

4
Faigh cinneadh
comhpháirteach
faoi phlean
cóireála

5
Déan dul chun
cinn na cóireála
a mheas agus
iarr aiseolas



- Cé go soláthraíonn an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) Eoraip treoir do tíortha, **tá beartais vacsaínithe, sceidil imdhíonta**, rialacha dlí agus moltaí fós leagtha síos ag tíortha aonair AE a chinneann cé na vacsaíní a mhaoiníonn a gcórais sláinte náisiúnta agus ba cheart go mbeadh siad mar chuid dá gcuid cláir náisiúnta vacsaínithe.
- Is féidir leat léargas a fháil ar éagsúlachtaí sceideal vacsaíní i dtíortha AE/LEE trí úsáid a bhaint as an Sceidealóir Vacsaíne a sholáthraíonn an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC).

Moltaí

Tá sé ríthábhachtach go bhféachfaí ar vacsaíniú mar thosaíocht sláinte poiblí d’aoisigh atá ag maireachtáil le riochtaí ainsealacha. Ba chóir go gcuimseofaí iad seo a leanas i mbearta amach anseo:



Dul i ngleic le constaicí othar ar rochtain, infhaighteacht agus costas ar fud an AE.



Vacsaíniú a chomhtháthú i **bpleananna náisiúnta bainistíochta galar ainsealach** agus treoirínte cliniciúla.



Cur chuige ar feadh an tsaoil arb é is aidhm dó dearcadh na sochaí ar vacsaíniú a athrú trí **chinnteoireacht eolasach roinnte**.



Fuair an treoirthionscadal Patients' and Professionals' Awareness, Communication and Trust (VAC-PACT) (Muinín Vacsaíne – Feasacht, Cumarsáid & Muinín Othar agus Proifisiúnach) maoiniú ó Chlár Sláinte an Aontais Eorpaigh faoi Chonradh Seirbhíse SANTE/2019/C3/013-S12.820639 agus aontaíonn sé príomhpháirtithe leasmhara le raon leathan saineolais agus cúlraí ar fud na hEorpa



COMITÉ PERMANENT DES MÉDECINS EUROPÉENS
STANDING COMMITTEE OF EUROPEAN DOCTORS



Health Connect Partners
supporting trust in data